

AN COIMISIÚN REIFRINN

ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

Réamhrá

Tá an scéim seo á cur isteach thar ceann an Choimisiúin Reifrinn. Ullmhaíodh í faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus tagann sí in ionad na scéime a bhí ann roimhe agus a ceadáíodh an 12 Bealtaine 2005.

Foráiltear le hAlt 15 go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim lena dtabharfar mionchuntas ar na seirbhísí a sholáthróidh siad -

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla, agus
- trí mheán an Bhéarla,

agus ar na bearta a ghlacfar lena chinntiú go soláthrófar trí Ghaeilge agus laistigh de chreat ama comhaontaithe, aon tseirbhís nach soláthraíonn an comhlacht poiblí trí Ghaeilge.

Cúlra agus Ról an Choimisiúin Reifrinn

Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún Reifrinn a bunaíodh le hAcht an Reifrinn, 1998, arna leasú le hAcht an Reifrinn, 2001. Foráiltear le hAcht 1998 gurb iarbhreitheamh den Chúirt Uachtarach nó den Ard-Chúirt nó gur breitheamh den Ard-Chúirt a bheidh ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an gCoimisiún. Is iad Cléireach Dháil Éireann, Cléireach Sheanad Éireann, an tOmbudsman agus an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste comhaltaí eile an Choimisiúin. Bíonn an Coimisiún neamhspleách maidir lena chuid feidhmeanna a fheidhmiú agus tacaíonn rúnaíocht ón gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí agus ó Oifig an Ombudsman leis. Níl aon fhoireann lánaimseartha ag an gCoimisiún. Cibé uair go mbíonn reifreann le tionól, is de rogha an Aire Comhshaoil, Pobail, agus Rialtais Áitiúil a bhíonn sé Coimisiún Reifrinn a bhunú. Cruthaítear Coimisiúin trí Ordú Bunaithe arna eisiúint ag an Aire i leith an reifreann atá beartaithe. A luaithe a chomhlíonann lucht an Choimisiúin a fheidhmeanna, cuirtear tuarascáil faoi bhráid an Aire faoi cheann sé mhí ón lá vótaíochta maidir le comhlíonadh a chuid feidhmeanna agus lánscoirtear an Coimisiún ansin aon mhí amháin tar éis don tuarascáil seo a bheith curtha isteach.

Is é príomhról an Choimisiúin míniú a thabhairt ar ábhar mholtaí an reifrinn, feasacht an phobail maidir leis an reifreann a chur chun cinn agus na toghthóirí a spreagadh le vótáil sa reifreann.

Srianta Oibriúcháin

Ní mór do gach Coimisiún, nuair a bhunaítear é, oibriú laistigh den bhuiséad arna leithdháileadh air le haghaidh an fheachtais a bhíonn i gceist. Leithdháileann an Roinn, a bheidh ag déanamh urraíochta ar an reifreann, an buiséad ar an gCoimisiún m.sh.i gcás an Reifrinn maidir le Deireadh a Chur leis an Seanad, tá Roinn an Taoisigh ag leithdháileadh buiséid ar an gCoimisiún. Nuair a thugann an Coimisiún a fheachtas faisnéise chun críche, tugtar aon airgead a bhíonn fágtha ar ais don Roinn a rinne urraíocht ar an reifreann. Is de rogha an Choimisiúin a bhíonn caiteachas le linn feachtais, maidir lena fheidhmeanna reachtúla.

Faoi Acht 1998, ní féidir leis an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an tOrdú Bunaithe a eisiúint go dtí tar éis an dáta a dtionscnaítear i nDáil Éireann an Bille ina bhfuil na moltaí maidir leis an mbunreacht a leasú. Ní faoin gCoimisiún Reifrinn a bhíonn sé dáta le haghaidh reifrinn a shocrú. Dá thoradh sin, tharla sé roimhe seo gur tréimhse idir cheithre agus sé seachtainí ó dháta bunaithe an Choimisiúin Reifrinn, go dáta an reifrinn féin, a tugadh don Choimisiún chun a fheachtas faisnéise a phleanáil agus a chur i bhfeidhm. Bhí diandeachrachaí maidir le cúrsaí loighistice ag an gCoimisiún dá bharr sin roimhe seo agus d'fhéadfadh cúinsí den sórt céanna amach anseo bac a chur ar an gCoimisiún a thiomantais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh faoi mar atá leagtha amach sa mholadh seo.

Feachtais Faisnéise

De rogha an Choimisiúin Reifrinn a bhíonn i gceist is ea cúrsaí maidir le fairsinge agus cineál aon fheachtais fhaisnéise, agus braitheann a leithéid ar an mbuiséad a bhíonn ar fáil, an méid ama a bhíonn ann agus a chasta is a bhíonn moltaí an reifrinn. Agus cúinsí mar a bheadh de ghnáth, bheadh feachtas faisnéise agus an feachtas chun toghthóirí a spreagadh le vótáil sa reifreann comhdhéanta de na heilimintí seo a leanas:

- ábhar faisnéise á sheachadadh chuig toghthóirí ar fud na tire;
- feachtas raidió agus teilifíse;
- feachtas sna meáin chlóite;
- faisnéis a chur ar fáil trí shuíomh idirlín an Choimisiúin agus trí na meáin shóisialta.

I ndáil le feachtais raidió agus teilifíse, tugtar am saor go haer don Choimisiún dá chuid craoltaí maidir leis an reifreann agus cuireann an Coimisiún leo sin trí am fógraíochta sa sceideal a cheannach.

Comhlachtaí a Cheadú

Chomh maith le faisnéis a sholáthar do na toghthóirí, caithfidh an Coimisiún dul i mbun an phróisis le Comhlachtaí a Cheadú agus ní mór don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tar éis gach feachtais maidir leis an mbealach a chomhlíon sé a fheidhmeanna.

Foráiltear le hAlt 7 d'Acht an Reifrinn, 1998 go ndéanfaidh comhlacht iarratas chuig an gCoimisiún le dearbhú a lorg gur comhlacht ceadaithe atá ann chun críocha reifrinn. Bíonn comhlachtaí ceadaithe i dteideal gníomhairí a cheapadh chun a bheith i láthair nuair a eisítear agus nuair a osclaítear páipéir bhallóide na vótálaithe poist, agus ag stáisiúin vótaíochta agus le linn chomhaireamh na vótaí. Faoin Acht, bíonn sé de dhualgas ar an gCoimisiún fógrán a chur isteach in dhá nuachtán náisiúnta lena lorgófar iarratais ó chomhlachtaí a bheidh ag iarraidh a bheith ina gcomhlachtaí ceadaithe chun críocha an reifrinn a bhíonn i gceist. Ní mór d'iarratasóirí roinnt critéar a chomhlíonadh le bheith incháilithe le ceadú a fháil. Fógráin theicniúla a bhíonn i gceist leis na fógráin sin agus dírítear iad ar pháirtithe polaitíochta agus ar ghrúpaí feachtais agus ní bhíonn aon ábhar faisnéise míniúcháin iontu a bhaineann le moltaí an reifrinn.

Tiomantais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla

Rachaidh gach Coimisiún Reifrinn, nuair a bhunófar iad, i mbun na nithe seo a leanas i ndáil le feachtais faisnéise amach anseo:

- foilseofar ábhar faisnéise, a sheachadfar chuig na toghthóirí ar fud na tíre i ngach ceann de na teangacha oifigiúla go comhuaineach;
- foilseofar gach faisnéis dá bhfoilsítear ar shuíomh idirlín an Choimisiúin i ngach ceann de na teangacha oifigiúla;
- léireofar craoltaí raidió agus teilifíse an Choimisiúin Reifrinn i ngach ceann de na teangacha oifigiúla;
- foilseofar tuarascáil an Choimisiúin Reifrinn chuig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i ngach ceann de na teangacha oifigiúla go comhuaineach.

Ó thaobh tiomantais maidir le caighdeán seirbhíse do chustaiméirí, a nglacann an Coimisiún Reifrinn leo i ndáil le seirbhísí a thabhairt dár gcustaiméirí, baineann na tiomantais sin leis na seirbhísí úd, cibé acu an i nGaeilge nó i mBéarla a thabharfar na seirbhísí sin. Foilseofar an scéim seo ar shuíomh idirlín an Choimisiúin.

An Dáta Tosaithe

Tá an scéim seo deimhnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le héifeacht ó 16 Deireadh Fómhair, 2013, agus tá cóip seolta chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.